# TAPAIGH AN DEIS



## An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

**Cabhraigh chun an tAontas Eorpach a mhúnlú**

# An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh | Céim ar Chéim

Is uirlis de chuid an daonlathais rannpháirtigh é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a thugann an chumhacht do shaoránaigh an Aontais an beartas Eorpach a mhúnlú.

START

## Céim 1: TÚS A CHUR LEIS

7

- Cuir grúpa d'eagraithe le chéile ina bhfuil ar a laghad 7 saoránach den Aontas a bhfuil an aois vótála do na toghcháin Eorpacha bainte amach acu agus atá ina gcónaí i 7 dtír éagsúla den Aontas.

2 mhí ar a mhéad (Athbhreithniú féideartha ar an togra: + 2 mhí)

## Céim 2: DO THIONSCNAMH A CHLÁRÚ

- Seol iarraidh ar an tionscnamh a chlárú isteach chuig an gCoimisiún Eorpach.
- Cláróidh an Coimisiún do thogra (ina iomláine nó cuid de) má thagann sé faoina réimse inniúlachtaí, agus aistreoidh sé é go gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais.

Tús: 6 mhí ar a mhéad tar éis an chlárúcháin

## Céim 3: TACAÍOCHT A FHÁIL

1M

- Bailigh ar a laghad 1 mhilliún ráiteas tacaíochta san iomlán, agus líon íosta sínitheoirí i 7 mBallstát ar a laghad. Is féidir leat tacaíocht a bhailiú ar páipéar agus ar líne.

12 mhí ar a mhéad

## Céim 4: RÁITIS TACAÍOCHTA A FHÍORÚ

- Iarr ar an údarás náisiúnta ábhartha i ngach tír inar bhailigh tú tacaíocht na ráitis tacaíochta a fhíorú.

6 mhí ar a mhéad: 3 mhí lena seoladh isteach + 3 mhí lena bhfíorú

3 mhí ar a mhéad ó dheireadh an fhíoraithe

## Céim 5: DO THIONSCNAMH A SHEOLADH ISTEACH

- Nuair a bheidh na ráitis tacaíochta fíoraithe agus má bhíonn an líon riachtanach ráiteas bainte amach agat, seol do thionscnamh isteach chuig an gCoimisiún.

## Céim 6: FREAGRA A FHÁIL

- Beidh cruinniú agat leis an gCoimisiún agus beidh éisteacht agat ag an bParlaimint. Tar éis comhairliúchán, anailíse agus díospóireachtaí, glacfaidh an Coimisiún freagra foirmiúil ina sonrófar an ghníomhaíocht atá sé beartaithe aige a dhéanamh.
- Más mian leis an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh, déanfaidh sé togra, a chuirfear faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle, agus beidh orthu sin é a ghlacadh chun dlí a dhéanamh de.

6 mhí ar a mhéad

FINISH

Tá tuilleadh eolais faoin dóigh le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a eagrú le fáil anseo:

**europa.eu/citizens-initiative**

**#EUTakeTheInitiative**

AN TAONTAS EORPACH